AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.12.2025
COM(2025) 736 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le sonraí a bhaineann le himpleachtaí buiséadacha nuashonrú bliantúil 2025 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm orthu

1. CUSPÓIR NA TUARASCÁLA

Is é cuspóir na tuarascála seo oibleagáid an Choimisiúin faoi Airteagal 65(1) de Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh chun sonraí a sholáthar a bhaineann leis an tionchar buiséadach a bhíonn ag luach saothair agus pinsin oifigigh an Aontais i bhfianaise nuashonruithe 2025 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais agus leis na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo.

Déantar nuashonruithe 2025 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus déanfar sin roimh dheireadh na bliana. Tá na nuashonruithe sin bunaithe ar shonraí staidrimh a d'ullmhaigh Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh i gcomhaontú le hoifigí staidrimh náisiúnta na mBallstát agus a léiríonn staid na mBallstát mar a bhí an 1 Iúil 2025.

2. EOLAS CÚLRA

Le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013, leasaíodh an sásra le haghaidh nuashonrú pá, ar a dtugtar ‘an modh’, trí nuashonrú uathoibríoch a cheadú ar na tuarastail, ar na pinsin agus ar na liúntais uile. Chuige sin, ba cheart na méideanna agus na hualuithe ábhartha (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) atá sna Rialacháin Foirne a thuiscint mar mhéideanna tagartha agus ualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) atá faoi réir nuashonrú rialta agus uathoibríoch.

Ina theannta sin, chomhaontaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa freisin, mar a fógraíodh in Airteagal 65(4) de na Rialacháin Foirne, nach ndéanfaí aon nuashonrú sna blianta 2013 agus 2014 ar luach saothair agus pinsin fhoireann an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh sa Bheilg agus i Lucsamburg. Ina theannta sin, comhaontaíodh coigeartú teoranta 0 % agus 0.8 % faoi seach ar thuarastail agus ar phinsin do 2011 agus 2012 mar thoradh ar an gcur chuige domhanda chun na díospóidí idir Institiúidí an Aontais maidir le coigeartuithe luach saothair agus pinsean sa bhliain 2011 agus sa bhliain 2012 a réiteach.

Sa tréimhse 2004-2025[1], tháinig caillteanas nach beag ar fhoireann an Aontais i dtéarmaí fíorchumhachta ceannaigh. Le linn na tréimhse sin chaill foireann an Aontais thart ar 11.8 % dá gcumhacht cheannaigh, mar gheall ar an éifeacht a bhí ag an athchóiriú ar na Rialacháin Foirne in 2004 in éineacht leis an athchóiriú in 2013 agus ciorruithe ar choigeartuithe tuarastail. Le linn na tréimhse céanna, chaill státseirbhísigh i rialtais láir na mBallstát 1.2 %.

Mar thoradh ar an gcoigeartú teoranta ar thuarastail agus ar phinsin in 2011 agus in 2012 agus calcadh luach saothair agus pinsean in 2013 agus in 2014, mar a chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, rinneadh coigilteas de thart ar € 3 bhilliún le linn Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2014-2020 agus thart ar € 500 milliún in aghaidh na bliana san fhadtéarma. Ina theannta sin, is fiú thart ar € 1.5 billiún do na hinstitiúidí bearta sonracha nach bhfuil aon éifeacht bhuiséadach dhíreach acu, amhail uaireanta oibre méadaithe agus saoire bhliantúil laghdaithe gan aon chúiteamh tuarastail.

[1] Ríomhann Eurostat caillteanas/gnóthachan i gcumhacht cheannaigh na státseirbhíseach náisiúnta agus oifigigh an Aontais gach bliain. Cuireadh tús leis an mbunachar sonraí in 2004 nuair a rinneadh athrú mór ar na Rialacháin Foirne. Is mar an gcéanna iad, go bunúsach, na prionsabail fholuiteacha i gcás an ríomha staidrimh ar na coigeartuithe/nuashonruithe tuarastail bliantúla don tréimhse 2004-2013 agus don tréimhse 2014-2025 — cé gur cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an mbunsampla de na Ballstáit a úsáideadh chun an táscaire sonrach domhanda a bhunú méadaithe ó 8 (don tréimhse dar tús 2004) go dtí 11 (don tréimhse 2014-2020) agus ansin go dtí 10 (tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe). Roimh 2004 baineadh úsáid as sonraí maidir le AE15 ina n-iomláine.

3. FORÁLACHA DLÍTHIÚLA MAIDIR LE LUACH SAOTHAIR AGUS PINSIN OIFIGIGH AGUS SHEIRBHÍSIGH EILE AN AONTAIS EORPAIGH A NUASHONRÚ AGUS NA COMHÉIFEACHTAÍ CEARTÚCHÁIN A CHUIRTEAR I BHFEIDHM MAIDIR LEO

3.1. Nuashonrú ar luach saothair agus ar phinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (Airteagal 65(1), an dara mír de na Rialacháin Foirne)

Foráiltear le hAirteagal 65(1), an dara mír de na Rialacháin Foirne go ndéanfar méideanna áirithe dá dtagraítear ann, lena socraítear buntuarastail, lamháltais éagsúla agus comhéifeachtaí, a nuashonrú gach bliain i gcomhréir le hIarscríbhinn XI. Foilseoidh an Coimisiún, chun críoch faisnéise, na méideanna nuashonraithe laistigh de dhá sheachtain tar éis an nuashonraithe i sraith C de IO.

Thairis sin, sonraítear in Airteagal 65(3) de na Rialacháin Foirne go dtuigfear na méideanna sin (dá dtagraítear in Airteagal 65(1), dara mír) mar mhéideanna a bhfuil a luach iarbhír ag pointe áirithe ama faoi réir a nuashonraithe, gan idirghabháil ó ghníomh dlíthiúil eile.

Foráiltear le hAirteagal 65a de na Rialacháin Foirne go leagtar amach in Iarscríbhinn XI na rialacha maidir le cur chun feidhme Airteagail 64 agus 65 de na Rialacháin Foirne.

I gcomhréir le hAirteagal 3 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, tagann an nuashonrú ar luach saothair agus pinsin faoi Airteagal 65 de na Rialacháin Foirne go díreach ó athruithe ar chumhacht cheannaigh tuarastal i státseirbhísí náisiúnta (an Táscaire Sonrach) agus ó na hathruithe ar an gcostas maireachtála sa Bheilg agus i Lucsamburg (an tInnéacs Comhpháirteach).

Leis an Táscaire Sonrach, déantar athruithe ar ghlanluach saothair státseirbhíseach náisiúnta i rialtais láir na mBallstát a thomhas, tar éis boilsciú náisiúnta a chur san áireamh. Ríomhann Eurostat an táscaire sin ar bhonn faisnéise a chuireann na deich mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 1(4) d'Iarscríbhinn XI ar fáil.

D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach le héifeacht ón 1 Feabhra 2020 agus is 'tríú tír' anois í. Chuaigh an idirthréimhse a tugadh isteach leis an gComhaontú um Tharraingt Siar in éag le héifeacht ón 31 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, ní áirítear an Ríocht Aontaithe a thuilleadh i gcroíshampla na mBallstát faoi Airteagal 1(4) d'Iarscríbhinn XI chun Táscairí Sonracha a ríomh (is ionann an sampla de dheich mBallstát atá fágtha agus 75 % ar a laghad d'Olltáirgeacht Intíre AE27 atá fágtha).

Beartaítear leis an Innéacs Comhpháirteach athruithe ar an gcostas maireachtála sa Bheilg agus i Lucsamburg d'oifigigh de chuid an Aontais de réir dháileadh na mball foirne atá ag fónamh sa dá Bhallstát sin. Ríomhann Eurostat an t-innéacs sin ar bhonn na faisnéise faoi phraghsanna a chuireann údaráis na Beilge agus Lucsamburg ar fáil agus faisnéis faoi uimhreacha foirne ó bhunachair sonraí inmheánacha institiúidí an Aontais Eorpaigh.

Thairis sin, leagtar clásal modhnóireachta amach in Airteagal 10 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i.e. beidh luach an Táscaire Shonraigh faoi réir uasteorainn + 2 % agus íosteorainn -2 %. Má sháraíonn luach an Táscaire Shonraigh an teorainn sin, úsáidfear luach na teorann ina ionad sin chun an nuashonrú bliantúil a bhunú. Beidh feidhm ag an teorainn ansin le héifeacht ón 1 Iúil agus cuirfear a bhfuil fágtha den nuashonrú bliantúil i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Aibreán an bhliain ina dhiaidh sin.

Leagtar síos in Airteagal 11 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne clásal eisceachta is infheidhme i gcás laghdú ar fhíor-Olltáirgeacht Intíre (OTI) an Aontais mar atá tuartha ag an gCoimisiún. Faoi Airteagal 11 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, beidh feidhm ag an gclásal eisceachta má bhíonn luach an Táscaire Shonraigh dearfach, ach má thagann laghdú ar olltáirgeacht intíre an Aontais don bhliain reatha. I gcás den sórt sin, ag brath ar mhéid an laghdaithe ar olltáirgeacht intíre an Aontais, úsáidfear cuid den Táscaire Sonrach nó iomlán an Táscaire Shonraigh chun an nuashonrú bliantúil a ríomh agus cuirfear a bhfuil fágtha i bhfeidhm amhail ó dháta níos déanaí an bhliain ina dhiaidh sin nó nuair is méadú dearfach a bheidh sa mhéadú carnach ar olltáirgeacht intíre an Aontais a thomhaistear ón mbliain ina mbeidh an clásal eisceachta a chuirfear i bhfeidhm.

Ar deireadh, de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, i gcás inar mó ná 6 % nó 10 % an costas maireachtála in áit shonrach fostaíochta a thomhaistear leis na hinnéacsanna intuigthe[2], gabhfaidh éifeacht leis an nuashonrú idirmheánach nó leis an nuashonrú bliantúil ar dháta atá níos luaithe ná dáta réamhshocraithe an chur chun feidhme (i.e. níos luaithe ná an 1 Iúil i gcás an nuashonraithe bhliantúil agus an 1 Eanáir i gcás an nuashonraithe idirmheánaigh). I gcásanna den sórt sin, ag brath ar mhéid an mhéadaithe ar an gcostas maireachtála, gabhfaidh éifeacht leis an nuashonrú idirmheánach an 1 nó an 16 Samhain, agus gabhfaidh éifeacht leis an nuashonrú bliantúil an 1 nó an 16 Bealtaine.

3.2. Nuashonrú bliantúil ar na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais laistigh den Aontas Eorpach (Airteagal 64, an dara mír)

Faoi Airteagal 64 de na Rialacháin Foirne, déanfar luach saothair oifigigh arna shloinneadh in euro a ualú ar ráta atá os cionn 100 %, faoina bhun nó cothrom leis, ag brath ar na dálaí maireachtála sna háiteanna éagsúla fostaíochta. Ní bheidh aon chomhéifeacht cheartúcháin infheidhme sa Bheilg nó i Lucsamburg, ag féachaint don ról speisialta tagartha atá ag na hionaid fostaíochta sin mar shuíomhanna príomha agus bunaidh an chuid is mó de na hinstitiúidí.

Thairis sin, déanfar na comhéifeachtaí ceartúcháin a chruthú nó a tharraingt siar agus déanfar iad a nuashonrú go bliantúil freisin i gcomhréir le hIarscríbhinn XI. Maidir leis an nuashonrú, déanfar na luachanna go léir a thuiscint mar luachanna tagartha. Foilseoidh an Coimisiún, chun críoch faisnéise, na luachanna nuashonraithe laistigh de dhá sheachtain tar éis an nuashonraithe i sraith C de IO.

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, i gcomhair áiteanna lena mbaineann méadú ardchostais mhaireachtála (mar a thomhaistear leis an athrú sna hinnéacsanna intuigthe), tiocfaidh an chomhéifeacht cheartúcháin i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir i gcás an nuashonraithe idirmheánaigh ar na comhéifeachtaí ceartúcháin, nó an 1 Iúil i gcás an nuashonraithe bhliantúil ar na comhéifeachtaí ceartúcháin. Maidir leis an nuashonrú bliantúil i gcás ina dtiocfaidh méadú níos mó ná 6 % ar an gcostas maireachtála arna thomhas leis na hinnéacsanna intuigthe, gabhfaidh éifeacht leis an nuashonrú bliantúil an 16 Bealtaine seachas an 1 Iúil agus an 1 Bealtaine i gcás inar tháinig méadú níos mó ná 10 % ar an gcostas maireachtála arna thomhas leis na hinnéacsanna intuigthe.

Maidir leis an nuashonrú idirmheánach, i gcás ina dtiocfaidh méadú níos mó ná 6 % ar an gcostas maireachtála arna thomhas leis na hinnéacsanna intuigthe, gabhfaidh éifeacht leis an nuashonrú idirmheánach an 16 Samhain seachas an 1 Eanáir agus an 1 Samhain i gcás inar tháinig méadú níos mó ná 10 % ar an gcostas maireachtála arna thomhas leis na hinnéacsanna intuigthe.

I gcomhréir le hAirteagal 3 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, déanfar an nuashonrú ar na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme maidir le luach saothair agus pinsin a chinneadh ar bhonn na gcóimheas idir na paireachtaí eacnamaíocha comhfhreagracha dá dtagraítear in Airteagal 1 d'Iarscríbhinn XI agus na rátaí malairte a shonraítear in Airteagal 63 de na Rialacháin Foirne do na tíortha ábhartha.

Bunaítear leis na paireachtaí eacnamaíocha i gcomhair luacha saothair cumhacht cheannaigh an luacha saothair a íoctar sa Bhruiséil, mar chathair thagartha, agus an luach saothair a íoctar sna háiteanna fostaíochta eile, seachas Lucsamburg, nach bhfuil aon chomhéifeacht cheartúcháin infheidhme ina leith. Ríomhann Eurostat na paireachtaí sin i gcomhaontú le comhlachtaí staidrimh náisiúnta na mBallstát.

Bunaítear leis na paireachtaí eacnamaíocha i gcomhair pinsean cumhacht cheannaigh na bpinsean a íoctar sa Bheilg, mar thír thagartha, i gcoibhéis leis an bpinsean a íoctar sna tíortha cónaithe eile. Ríomhann Eurostat na paireachtaí sin i gcomhaontú leis na comhlachtaí staidrimh náisiúnta. Faoi Airteagal 20 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, ní bheidh feidhm ag na hualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin') ach amháin maidir leis an gcuid sin den phinsean a chomhfhreagraíonn do chearta pinsin

[2] Freagraíonn an t-innéacs intuigthe do thoradh an innéacs chomhpháirtigh don Bhruiséil agus do Lucsamburg, arna iolrú faoin athrú paireachta san áit fostaíochta lena mbaineann.

a fuarthas roimh an 1 Bealtaine 2004. Is é 100 an chomhéifeacht cheartúcháin íosta is infheidhme a bheidh ann maidir le pinsin.

Faoi Airteagal 17(3) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, tá ualuithe sonracha ('comhéifeachtaí ceartúcháin') infheidhme maidir le haistrithe áirithe a dhéanann oifigigh agus seirbhísigh eile.

3.3. Nuashonrú ar na hualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin') is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais atá ag fónamh i dtríú tíortha (Airteagal 13(1) d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne)

Le hAirteagail 11, 12 agus 13 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne leagtar síos forálacha maidir le híocaíochtaí luacha saothair le hoifigigh agus le seirbhísigh eile atá ag fónamh i dtríú tíortha. Íocfar luach saothair in euro san Aontas Eorpach agus beidh sé faoi réir an ualaithe ('comhéifeacht cheartúcháin') is infheidhme maidir le luach saothair na n-oifigeach atá fostaithe sa Bheilg, ach mar sin féin, féadfar é a íoc in airgeadra na tíre fostaíochta arna iarraidh sin d'oifigeach. Sa chás sin, tá sé faoi réir an ualaithe ('comhéifeacht cheartúcháin') don áit fostaíochta seo agus déantar é a chomhshó ar bhonn an ráta malairte chomhfhreagraigh.

Chun a áirithiú, a mhéid is féidir, go mbeidh cumhacht cheannaigh choibhéiseach ag oifigigh, ag foireann shealadach agus ag foireann ar conradh an Aontais gan beann ar a n-áit fostaíochta, déanfar an t-ualú ('comhéifeacht cheartúcháin') a nuashonrú uair sa bhliain de réir na rialacha a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Maidir leis an nuashonrú, tuigfear gur luachanna tagartha na luachanna uile. Foilseoidh an Coimisiún, chun críoch faisnéise, na luachanna nuashonraithe laistigh de dhá sheachtain tar éis an nuashonraithe i sraith C de IO.

Chun cumhacht cheannaigh an luacha saothair a íoctar sa Bhruiséil i gcoibhéis leis an luach saothair a íoctar sna háiteanna fostaíochta eile i dtríú tíortha a bhunú, ríomhann Eurostat na paireachtaí eacnamaíocha. Is é an t-ualú ('comhéifeacht cheartúcháin') an fachtóir a fhaightear nuair a roinntear an phaireacht eacnamaíoch ar an ráta malairte. Bunaítear na rátaí malairte a úsáidtear i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus comhfhreagraíonn siad do dháta chur i bhfeidhm na n-ualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin').

3.4. Nuashonrú idirmheánach ar luach saothair agus ar phinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh laistigh den Aontas Eorpach (Airteagal 65(2), an dara mír de na Rialacháin Foirne)

Foráiltear le hAirteagal 65(2), i gcás athrú substaintiúil ar an gcostas maireachtála, go ndéanfar na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 65(1) agus na hualuithe dá dtagraítear in Airteagal 64 a nuashonrú i gcomhréir le hIarscríbhinn XI. Foilseoidh an Coimisiún, chun críoch faisnéise, na méideanna agus na hualuithe nuashonraithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin') laistigh de dhá sheachtain tar éis an nuashonraithe i sraith C de IO.

I gcomhréir le hAirteagal 4(1) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, déanfar nuashonrú idirmheánach ar luach saothair agus pinsin, a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Eanáir, i gcás athrú substaintiúil ar an gcostas maireachtála idir Meitheamh agus Nollaig (trí thagairt don tairseach íogaireachta a shainmhínítear in Airteagal 6 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne) agus réamhaisnéis maidir leis an athrú i gcumhacht cheannaigh le linn na tréimhse tagartha bliantúla reatha á chur san áireamh go cuí. Cuirfear na nuashonruithe idirmheánacha san áireamh san nuashonrú tuarastail bliantúil.

Ina theannta sin, faoi Airteagal 6 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, déanfar nuashonrú idirmheánach do gach áit (lena n-áirítear an Bhruiséil agus Lucsamburg) má shroichtear an tairseach íogaireachta sa Bhruiséil agus i Lucsamburg nó má sháraítear í (arna tomhas leis an Innéacs Comhpháirteach idir Meitheamh agus Nollaig). Mura sroichtear an tairseach íogaireachta sin i gcomhaire na Bruiséile agus Lucsamburg, ní dhéanfar nuashonrú idirmheánach ach amháin do na háiteanna sin ina sroichtear an tairseach íogaireachta nó ina sáraítear í.

I gcomhréir le hAirteagal 7 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is é méid an nuashonraithe idirmheánaigh an tInnéacs Comhpháirteach arna iolrú, i gcás

inarb iomchuí, faoi leath an Táscaire Shonraigh arna réamhaisnéisiú i gcás gur diúltach sin.

Is iad na comhéifeachtaí ceartúcháin an cóimheas idir an phaireacht ábhartha eacnamaíoch agus an ráta malairte dá bhforáiltear in Airteagal 63 de na Rialacháin Foirne, arna iolrú, más rud é nach sroichtear an tairseach íogaireachta i gcomhair na Beilge agus Lucsamburg, faoi luach an nuashonraithe.

3.5. Nuashonruithe eatramhacha ar na hualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin') is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais atá ag fónamh i dtríú tíortha (Airteagal 13(2) d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne)

Mar thoradh ar an nuashonrú bliantúil ar luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais atá ag fónamh i dtríú tíortha de bhun Airteagal 13(1) d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne (*féach pointe 3.3 thuas*), más rud é, i gcás tíre ar leith, go ndéanfar an t-athrú ar an gcostas maireachtála arna thomhas ar bhonn an ualaithe ('comhéifeacht cheartúcháin') agus go ndeachaigh an ráta malairte comhfhreagrach os cionn 5 % ón uair a rinneadh an nuashonrú deireanach, déanfar nuashonrú eatramhach ar an ualú ('comhéifeacht cheartúcháin') i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 13(1) d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Chun cumhacht cheannaigh an luacha saothair a íoctar sa Bhruiséil i gcoibhéis leis an luach saothair a íoctar sna háiteanna fostaíochta eile i dtríú tíortha a bhunú, ríomhann Eurostat na paireachtaí eacnamaíocha. Is é an t-ualú ('comhéifeacht cheartúcháin') an fachtóir a fhaightear nuair a roinntear an phaireacht eacnamaíoch ar an ráta malairte. Bunaítear na rátaí malairte a úsáidtear i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus comhfhreagraíonn siad do dháta chur i bhfeidhm na n-ualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin').

4. NUASHONRUITHE 2025 MAIDIR LE LUACH SAOTHAIR AGUS PINSIN OIFIGIGH AGUS SHEIRBHÍSIGH EILE AN AONTAIS EORPAIGH A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA AGUS NA COMHÉIFEACHTAÍ CEARTÚCHÁIN A CHUIRTEAR I BHFEIDHM MAIDIR LEO

Tugann an Coimisiún dá aire na nuashonruithe ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais, nuashonruithe atá á gcur chun feidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne le linn na tréimhse tagartha 12 mhí go dtí an 1 Iúil 2025 agus a dhéanfar roimh dheireadh 2025. Tá na nuashonruithe sin, mar a thuairiscítear go mion i bpointí 4.1 go 4.4 den chaibidil seo den tuarascáil, tá siad bunaithe ar shonraí staidrimh arna n-ullmhú ag Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat) i gcomhaontú le hoifigí staidrimh náisiúnta na mBallstát a léiríonn cúrsaí mar a bhí an 1 Iúil 2025 sna Ballstáit[3].

4.1. Nuashonrú bliantúil 2025 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (Airteagal 65(1), an dara mír de na Rialacháin Foirne)

I gcomhréir le hAirteagal 1 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, tá tuarascáil tarraingthe suas ag Eurostat ar athruithe ar an gcostas maireachtála sa Bheilg agus i Lucsamburg, ar athruithe ar chumhacht cheannaigh an luacha saothair i

[3] Déantar tagairt go háirithe do na tuarascálacha Eurostat seo a leanas:

- Tuarascáil ó Eurostat an 31 Deireadh Fómhair 2025 maidir le nuashonrú bliantúil 2025 ar luach saothair agus pinsin oifigigh an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 64 agus 65 agus Iarscríbhinní XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, lena ndéantar luach saothair na mball foirne gníomhach agus pinsin na mball foirne ar scor a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2025, agus lena nuashonraítear, le héifeacht ón 1 Iúil 2025, na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair na mball foirne gníomhach atá ag fónamh i stáisiúin dualgais laistigh den Aontas agus lasmuigh den Aontas, pinsin foirne atá ar scor de réir a dtíre cónaithe, agus le haghaidh aistrithe pinsean.
- Tuarascálacha Eurostat an 3 Meitheamh 2025 agus an 31 Deireadh Fómhair 2025 maidir le nuashonrú eatramhach na n-ualuithe (comhéifeachtaí ceartúcháin) is infheidhme maidir le luach saothair oifigeach, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dToscaireachtaí lasmuigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 64 agus Iarscríbhinní X agus XI de na Rialacháin Foirne is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

státseirbhísí náisiúnta, agus ar na paireachtaí eacnamaíocha as a dtagann na hualuithe éagsúla ('comhéifeachtaí ceartúcháin')[4].

Is ionann an meánathrú ar chumhacht cheannaigh luach saothair na státseirbhíseach náisiúnta sa tréimhse thagartha arna thomhas leis an Táscaire Sonrach agus 0.5 %.

Is ionann an t-athrú ar an gcostas maireachtála sa Bheilg agus i Lucsamburg le linn na tréimhse tagartha, arna thomhas leis an Innéacs Comhpháirteach arna ríomh ag Eurostat, agus 2.5 %.

De réir Airteagal 3(2) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, faightear méid an nuashonraithe tríd an Táscaire Sonrach a iolrú faoin Innéacs Comhpháirteach arna ríomh ag Eurostat. Is é 3.0 % an nuashonrú ríofa ar an luach saothair agus na pinsin sa Bheilg agus i Lucsamburg. Faoi Airteagal 3(5) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, níl feidhm ag aon ualú ('comhéifeacht cheartúcháin') sa Bheilg ná i Lucsamburg.

Níor cuireadh aon nuashonrú idirmheánach de na Rialacháin Foirne chun feidhme faoi Airteagal 65(2) in 2025.

Tá an Táscaire Sonrach Uilíoch (0.5 %) faoi bhun na gcorrlach a leagtar síos in Airteagal 10 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le leis na Rialacháin Foirne (uasteorainn + 2 % agus íosteorainn -2 %). Dá bhrí sin, ní thionscnaítear an clásal modhnóireachta.

Ós rud é go bhfuil an fhorbairt tuartha is déanaí ar an olltáirgeacht intíre i dtéarmaí réadacha (+1.1 %)[5] dearfach, níl feidhm ag an gclásal eisceachta faoi Airteagal 11 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Dá bhrí sin, faoi dheireadh 2025, foilseoidh an Coimisiún i sraith C de IO na méideanna nuashonraithe dá dtagraítear in Airteagal 65(1), an dara mír de na Rialacháin Foirne is infheidhme ón 1 Iúil 2025 maidir le luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, mar a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo.

4.2. Nuashonrú bliantúil ar na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais laistigh den Aontas Eorpach (Airteagal 64, an dara mír)

I gcomhréir le hAirteagal 1 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, tá tuarascáil tarraingthe suas ag Eurostat ar athruithe ar an gcostas maireachtála sa Bheilg agus i Lucsamburg, ar athruithe ar chumhacht cheannaigh an luacha saothair i státseirbhísí náisiúnta, agus ar na paireachtaí eacnamaíocha as a dtagann na hualuithe éagsúla ('comhéifeachtaí ceartúcháin')[6].

Lasmuigh den Bheilg agus de Lucsamburg, faightear an nuashonrú ar luach saothair agus ar phinsin tríd an gcoigeartú sa Bheilg agus i Lucsamburg a iolrú faoin athrú ar na hualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin') agus ar an ráta malairte.

Ríomh Eurostat na hualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin') is infheidhme maidir le luach saothair, pinsin agus aistrithe cuid den luach saothair mar a leanas.

4.2.1. Ualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin') i gcás baill foirne lasmuigh den Bheilg agus de Lucsamburg

Ríomh Eurostat, i gcomhaontú leis na comhlachtaí staidrimh náisiúnta, na paireachtaí eacnamaíocha lena mbunaítear cumhacht ceannaigh an luacha saothair a íoctar sa

---

[4] Tuarascáil ó Eurostat an 31 Deireadh Fómhair 2025 maidir le nuashonrú bliantúil 2025 ar luach saothair agus pinsin oifigigh an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 64 agus 65 agus Iarscríbhinní XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, lena ndéantar luach saothair na mball foirne gníomhach agus pinsin na mball foirne ar scor a choigeartú le héifeacht ón 1 Iúil 2025, agus lena nuashonraítear, le héifeacht ón 1 Iúil 2025, na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair na mball foirne gníomhach atá ag fónamh i stáisiúin dualgais laistigh den Aontas agus lasmuigh den Aontas, pinsin foirne atá ar scor de réir a dtíre cónaithe, agus le haghaidh aistrithe pinsean.

[5] I Réamhaisnéis Eacnamaíoch Eorpach an Fhómhair a d'eisigh Ard-Stiúrthóireacht ECFIN an 19 Bealtaine 2025, measadh gur +1.1 % a bheidh i bhfás olltáirgeacht intíre an Aontais ina iomláine le haghaidh 2025 i dtéarmaí réadacha, agus meastar go mbeidh fás +1.5 % ann le haghaidh 2026.

[6] Tuarascáil ó Eurostat an 31 Deireadh Fómhair 2025 maidir le nuashonrú bliantúil 2025 ar luach saothair agus pinsin oifigigh an Aontais (*féach fonóta 3 thuas*).

Bhruiséil i gcoibhéis leis an luach saothair a íoctar sna háiteanna fostaíochta eile mar a bhí an 1 Iúil 2025.

Déantar na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) is infheidhme maidir le luach saothair oifigeach agus seirbhíseach eile atá fostaithe sna Ballstáit seachas an Bheilg agus Lucsamburg a chinneadh leis na cóimheasa idir na paireachtaí eacnamaíocha sin agus na rátaí malairte is infheidhme an 1 Iúil 2025.

Dá bhrí sin, faoi dheireadh 2025, foilseoidh an Coimisiún i sraith C de IO na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme ón 1 Iúil 2025 maidir le luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh mar a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo.

4.2.2. Ualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) le haghaidh pinsin lasmuigh den Bheilg agus Lucsamburg agus ualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) le haghaidh aistrithe

Ríomh Eurostat, i gcomhaontú leis na comhlachtaí staidrimh náisiúnta, na paireachtaí eacnamaíocha lena mbunaítear cumhacht cheannaigh an phinsin a íoctar sa Bheilg i gcoibhéis leis an bpinsean a íoctar sna tíortha cónaithe eile mar a bhí an 1 Iúil 2025.

Déantar na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) a ríomhtar le haghaidh phinsin na ndaoine aonair a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Bheilg agus de Lucsamburg a chinneadh leis na cóimheasa idir na paireachtaí eacnamaíocha sin agus na rátaí malairte is infheidhme an 1 Iúil 2025. Faoi Airteagal 20 d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, ní bheidh feidhm ag na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) ach amháin maidir leis an gcuid sin den phinsean a chomhfhreagraíonn do chearta pinsin a fuarthas roimh an 1 Bealtaine 2004.

Faoi Airteagal 17 d’Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, tá na hualuithe sin (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) infheidhme go díreach maidir le haistrithe a dhéanann oifigigh agus seirbhísigh eile.

Dá bhrí sin, faoi dheireadh 2025, foilseoidh an Coimisiún i sraith C de IO na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme ón 1 Iúil 2025 maidir leis na pinsin a íoctar lasmuigh den Bheilg agus de Lucsamburg agus na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) le haghaidh aistrithe luacha saothair i gcás oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh mar a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo.

4.3. Nuashonrú bliantúil 2025 ar na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais atá ag fónamh i dtríú tíortha (Airteagal 13(1) d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne)

Ar áireamh sna staitisticí a bhí ar fáil don Choimisiún bhí liosta de 143 áit fostaíochta. Níor cuireadh paireachtaí eacnamaíocha i láthair, áfach, i gcás nach raibh sonraí ar fáil nó nach raibh siad iontaofa i ngeall ar éagobhsaíocht áitiúil nó ar chúiseanna eile.

Ríomhadh na comhéifeachtaí ceartúcháin do gach áit fostaíochta lasmuigh den Aontas le héifeacht ón 1 Iúil 2025. Leagtar amach sa nuashonrú bliantúil na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) a dhíorthaítear ó na paireachtaí arna gcur in iúl ag Eurostat don 1 Iúil 2025.

Dá bhrí sin, faoi dheireadh 2025, foilseoidh an Coimisiún i sraith C de IO na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) is infheidhme ón 1 Iúil 2025 maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dtríú tíortha, mar a léirítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an tuarascáil seo.

4.4. Nuashonruithe eatramhacha 2025 ar na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais atá ag fónamh i dtríú tíortha (Airteagal 13(2) d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne)

4.4.1. Le haghaidh na tréimhse Lúnasa 2024 — Eanáir 2025

Léirigh na staitisticí a bhí ar fáil don Choimisiún[7] go raibh an éagsúlacht sa chostas maireachtála arna thomhas ar bhonn an ualaithe (‘comhéifeacht cheartúcháin’) agus an

[7] Tuarascáil Eurostat an 3 Meitheamh 2025 maidir le nuashonrú eatramhach na n-ualuithe (comhéifeachtaí ceartúcháin) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dToscaireachtaí lasmuigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 64

ráta malairte comhfhreagrach os cionn 5 % ón uair a leagadh síos na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dtríú tíortha agus atá iníoctha in airgeadra a dtíre fostaíochta, i.e. ón 1 Iúil 2024 i leith.

I gcomhréir leis an dara mír d’Airteagal 13 d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, i gcás den sórt sin, ba ghá nuashonrú eatramhach a dhéanamh ar an ualú (‘comhéifeacht cheartúcháin’), i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Leagtar amach sa nuashonrú eatramhach na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) a dhíorthaítear ó na paireachtaí arna gcur in iúl ag Eurostat le haghaidh an 1 Lúnasa, an 1 Meán Fómhair, an 1 Deireadh Fómhair, an 1 Samhain, an 1 Nollaig 2024 agus an 1 Eanáir 2025, faoi seach.

Dá bhrí sin, an 27 Meitheamh 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún i sraith C de IO sé thábla mhíosúla ina léirítear na tíortha a ndéantar difear dóibh, na hualuithe faoi seach (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) agus na dátaí is infheidhme maidir le gach ceann[8], mar a léirítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an tuarascáil seo.

4.4.2. Le haghaidh na tréimhse Feabhra 2025 — Meitheamh 2025

Léiríonn na staitisticí atá ar fáil don Choimisiún[9] go raibh an éagsúlacht sa chostas maireachtála arna thomhas ar bhonn an ualaithe (‘comhéifeacht cheartúcháin’) agus an ráta malairte comhfhreagrach os cionn 5 % ón uair dheireanach a leagadh síos na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dtríú tíortha agus atá iníoctha in airgeadra a dtíre fostaíochta.

I gcomhréir leis an dara mír d’Airteagal 13 d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, i gcás den sórt sin, ba ghá nuashonrú eatramhach a dhéanamh ar an ualú (‘comhéifeacht cheartúcháin’), i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

Leagtar amach sa nuashonrú eatramhach na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) a dhíorthaítear ó na paireachtaí arna gcur in iúl ag Eurostat le haghaidh an 1 Feabhra, an 1 Márta, an 1 Aibreán, an 1 Bealtaine, agus an 1 Meitheamh 2025, faoi seach.

Dá bhrí sin, faoi dheireadh 2025 foilseoidh an Coimisiún i sraith C de IO cúig thábla mhíosúla ina léireofar na tíortha a ndéantar difear dóibh, na hualuithe faoi seach (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) agus na dátaí is infheidhme maidir le gach ceann, mar a léirítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo.

5. TIONCHAR BUISÉADACH NUASHONRUITHE 2025 AR LUACH SAOTHAIR AGUS PINSIN OIFIGIGH AGUS SHEIRBHÍSIGH EILE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA COMHÉIFEACHTAÍ CEARTÚCHÁIN A CHUIRTEAR I BHFEIDHM MAIDIR LEO

Sa roinn seo tugtar meastachán mionsonraithe ar thionchar buiséadach na nuashonruithe a dhéanann difear do luach saothair agus pinsin fhoireann an Aontais in 2025.

5.1. Nuashonrú bliantúil 2025 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (Airteagal 65(1), an dara mír de na Rialacháin Foirne)

Tá tionchar airgeadais ag an nuashonrú bliantúil ar na méideanna dá dtagraítear sa dara mír d’Airteagal 65(1) de na Rialacháin Foirne ar na línte buiséadacha uile a bhaineann le caiteachas foirne sna hinstitiúidí agus sna gníomhaireachtaí uile atá faoi réir na Rialachán Foirne.

In EUR milliúin

---

agus Iarscríbhinní X agus XI de na Rialacháin Foirne is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

8 IO C 2025/3592, an 27 Meitheamh 2025.

9 Tuarascáil Eurostat an 31 Deireadh Fómhair 2025 maidir le nuashonrú eatramhach na n-ualuithe (comhéifeachtaí ceartúcháin) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dToscaireachtaí lasmuigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 64 agus Iarscríbhinní X agus XI de na Rialacháin Foirne is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

	Ceannteideal VII			Ceannteidil eile (I go VI)		
	Bliain 2025	*Bliain 2026*	*Blianta ina dhiaidh sin*	*Bliain 2025*	*Bliain 2026*	*Blianta ina dhiaidh sin*
An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas	+ 138.9	+ 277.9	+ 277.6	+ 43.5	+ 87.0	+ 87.0
An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam	+ 23.1	+ 46.2	+ 46.2	+ 7.2	+ 14.4	+ 14.4

5.2. Nuashonrú idirmheánach 2025 ar na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais laistigh den Aontas Eorpach (Airteagal 64, an dara mír agus Airteagal 20(1) d'Iarscríbhinn XIII)

An nuashonrú bliantúil a raibh éifeachtacht leis an 1 Iúil 2025 ar na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair agus pinsin fhoireann an Aontais sna Ballstáit lasmuigh den Bhruiséil agus Lucsamburg, tá tionchar airgeadais aige sin ar roinnt línte buiséadacha a bhaineann le caiteachas foirne.

In EUR milliúin

	Ceannteideal VII			Ceannteidil eile (I go VI)		
	Bliain 2025	*Bliain 2026*	*Blianta ina dhiaidh sin*	*Bliain 2025*	*Bliain 2026*	*Blianta ina dhiaidh sin*
An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas	-0,3	-0,7	-0,7	+6,4	+12,9	+12,9

5.3. Nuashonrú bliantúil 2025 ar na hualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin') is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais atá ag fónamh i dtríú tíortha (Airteagal 13(1) d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne)

An nuashonrú bliantúil a raibh éifeachtacht leis an 1 Iúil 2025 ar na hualuithe ('comhéifeachtaí ceartúcháin') a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair fhoireann an Aontais a ndéantar difear dó i dtríú tíortha, tá tionchar airgeadais aige sin ar roinnt línte buiséadacha a bhaineann le caiteachas foirne faoi Cheannteideal VII.

In EUR milliúin

	Ceannteideal VII		
	Bliain 2025	*Bliain 2026*	*Blianta ina dhiaidh sin*
An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas	-0,5	-1,0	-1,0

5.4. Nuashonruithe eatramhacha 2025 ar na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais atá ag fónamh i dtríú tíortha (Airteagal 13(2) d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne)

5.4.1. Le haghaidh na tréimhse Lúnasa 2024 — Eanáir 2025

An nuashonrú eatramhach a raibh éifeachtacht leis an 1 Lúnasa 2024, an 1 Meán Fómhair 2024, an 1 Deireadh Fómhair 2024, an 1 Samhain 2024, an 1 Nollaig 2024 agus an 1 Eanáir 2025 ar ualuithe áirithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair fhoireann an Aontais a ndéantar difear dó i dtríú tíortha, tá tionchar airgeadais aige sin ar roinnt línte buiséadacha a bhaineann le caiteachas foirne faoi Cheannteideal VII.

In EUR milliúin

	Ceannteideal VII		
	Bliain 2024	*Bliain 2025*	*Blianta ina dhiaidh sin*
An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas	-0,04	-0,08	-0,08

5.4.2. Le haghaidh na tréimhse Feabhra 2025 — Meitheamh 2025

An nuashonrú eatramhach a raibh éifeachtacht leis an 1 Feabhra 2025, an 1 Márta 2025, an 1 Aibreán 2025, an 1 Bealtaine 2025 agus an 1 Meitheamh 2025 ar ualuithe áirithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach saothair fhoireann an Aontais a ndéantar difear dó i dtríú tíortha, tá tionchar airgeadais aige sin ar roinnt línte buiséadacha a bhaineann le caiteachas foirne faoi Cheannteideal VII.

In EUR milliúin

	Ceannteideal VII		
	Bliain 2025	*Bliain 2026*	*Blianta ina dhiaidh sin*
An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas	-0,04	-0,04	-0,04

Iarscríbhinní:

(1) Dréacht-fhoilseachán i sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* – Nuashonrú 2025 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus na comhéifeachtaí ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir leo (luachanna an 1 Iúil 2025)

(2) Dréacht-fhoilseachán i sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* – Nuashonrú 2025 ar na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dtríú tíortha

(3) Dréacht-fhoilseachán i sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* – Nuashonrú eatramhach 2025 ar na hualuithe (‘comhéifeachtaí ceartúcháin’) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dtríú tíortha

(4) Foilsiú i sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* – Nuashonrú eatramhach 2025 ar na hualuithe (comhéifeachtaí ceartúcháin) is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh,

fhoireann shealadach agus fhoireann ar conradh an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dToscaireachtaí lasmuigh den Aontas[10]

[10] IO C 2025/3592, an 27 Meitheamh 2025.